# Printíseach Fheisteoir Meicneora

# Eolas d'Iarratasóirí

## Samhain 2024

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu ar feadh téarma seasta de 4 bliana, fa choinne Printíseach Fheisteoir Meicneora a bheadh lonnaithe sa Chlós Innealra, Leifear.

## 2. Cúlra

Déantar na printísigh s'againn a oiliúint go dtí na caighdeáin theicniúla is airde is féidir agus i measc an iliomad scileanna eile a shealbhaíonn siad, cuirtear ar a gcumas na córais éagsúla a bhaineann le feithiclí Seirbhíse Poiblí agus le Gléasra Tógála nua-aimseartha, a chothabháil. Cuimsíonn sé seo oiliúint ar éagsúlacht de dheisiúcháin laethúla agus de thaisc cothabhála choisctheacha, mar aon le diagnóisic feithiclí/aimsiú lochtanna, áit a bhfuil cuid de na córais is sofaisticiúla dá leithéid in úsáid.

Is iondúil go gcuimsíonn an phrintíseacht seacht gcéim, trí cinn lasmuigh den láthair oibre agus ceithre cinn ar an láthair oibre. Le linn na gcéimeanna seo ar fad, déanfar measúnú ort ar bhonn leanúnach struchtúrtha. Déantar an oiliúint ar an láthair oibre i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall le linn céimeanna 1, 3, 5 agus 7 agus déanann SOLAS na céimeanna oiliúna lasmuigh den láthair oibre, 2, 4 agus 6, a cheapadh.

Beidh ar an iarrthóir rathúil clárú le SOLAS laistigh de dhá sheachtain i ndiaidh thús na printíseachta agus is gá pas a fháil i ngach céim den chlár printíseachta.

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an phrintíseach, faoi rogha Chomhairle Contae Dhún na nGall, tabhairt faoi oiliúint bhreise de réir mar a shocrófaí, ó am go ham.

## 3. Dualgais

### Croí-ghnéithe agus croídhualgais na printíseachta

- Scileanna, eolas agus inniúlachtaí úra ceirdbhunaithe a fhoghlaim agus a fhorbairt.
- Gléasra agus trealamh a dheisiú sa cheardlann agus ar an láthair oibre.
- Bheith ag obair le agus ag foghlaim ó Cheardaithe a bhfuil an taithí chuí acu, agus scileanna foirne a fhorbairt.
- Gach ceanglas Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh.
- Bheith ag obair le meaisíní agus trealamh meicniúil mar aon le réimse leathan d'uirlisí láimhe agus cumhachta agus d'fheistí tomhais.
- Freagracht a ghlacadh as caighdeán do chuid oibre féin.
- Bheith gníomhach go fisiciúil agus dul i mbun oibre faoi gach cineál aimsire.
- Úsáid a bhaint as na huirlisí, as ábhair agus as trealamh speisialta seirbhíse.
- Treoracha agus léaráidí teicniúla a léamh agus a léirmhíniú.

- Cumas athbhreithniú agus staidéar a dhéanamh ar lámhleabhair cothabhála gléasra.
- Córais mheicniúla, leictreacha agus leictreonacha a dhiagnóisiú agus a dheisiú.
- Córais agus comhpháirteanna meicniúla a dhíchóimeáil, a imscrúdú agus a chur le chéile arís.
- Córais agus comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha a thástáil.
- Taifid nó tuairiscí cruinne oibre a thaifeadadh agus a chur in iúl.
- Dea-scileanna cumarsáide a fhorbairt lena chinntiú go dtiomsaítear eolas cruinn.
- Freagracht a ghlacadh as d'fhoghlaim féin, lena n-áirítear bainistiú am staidéir.
- Pas a fháil i ngach scrúdú céime (teoiric, scrúduithe praiticiúla, taispeántais scileanna)

**Dualgais eile**

- Na dualgais agus na taisc, arna sannadh agus arna maoirsiú ag Saoiste na nOirtheoirí sa Chlós Innealra, nó ag duine a bheadh ainmnithe aige nó aici, a chomhlíonadh.
- Dualgais fódóireachta a dhéanamh amhail glantóireacht a dhéanamh i limistéar na ceardlainne agus an clós a choinneáil slachtmhar.
- Freagracht a ghlacadh as gach comhpháirt agus trealamh sa stóras a choinneáil sábháilte.
- Cuidiú le himscrúdú agus cigireacht ar fheithiclí agus gléasra, cinneadh ar obair riachtanach cothabhála ar fheithiclí agus gléasra agus í a dhéanamh, lena n-áirítear, táthú, cothabháil cabhlach ar fheithiclí agus trealamh diagnóisice a úsáid.
- Cuidiú le hobair chothabhála, ar láithreacha lasmuigh den láthair oibre, lena n-áirítear freagairt do bhriseadh síos cois bóthair.
- Cloí le córas bainistithe feithiclí an Chlóis Innealra lena n-áirítear coinneáil taifead agus freastal ar oiliúint.
- Cuidiú le coinneáil na dtaifead i dtaca le gach deisiúchán agus gach obair a dhéantar. Dátaí seirbhísithe agus barántais a rianú do gach feithicil de chuid na Comhairle agus cloí go hiomlán le haon chóras bainistithe a bheadh i bhfeidhm.
- Cloí leis an chóras bainistithe Sláinte agus Sábháilteachta iomchuí atá ag Comhairle Contae Dhún na nGall.

Beidh ar an phrintíseach deisiúcháin agus obair chothabhála a chur i gcrích ar éagsúlacht de Ghléasra agus de threalamh Tógála lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta go dtí, an liosta atá leagtha amach thíos:

| **Trucailí agus Feithiclí** | **Trealamh Déanta agus Cothabhála Bóithre** |
|---|---|
| Leoraithe Dolúbtha Dumpála<br>Leoraithe Artacha<br>Tarracóirí Talmhaíochta<br>Rollóirí / Pábhálaithe<br>Tancaeir Tarra Shoghluaiste agus Dhoghluaiste<br>Grádóirí<br>Leantóirí lódaire íseal<br>Veaineanna/Jípeanna<br>Sluasaidí Lódála / Teiliompróirí<br>Gléasra Meicniúil Eile | Mear-Phaisteálaithe / Velocity Patchers<br>Paisteálaithe Láimhe<br>Spraeirí Biotúmain<br>Spréiteoirí Sliseanna<br>Spréiteoirí Salainn<br>Céachtaí Sneachta<br>Stáisiúin Sáithithe Sáile<br>Gléasra agus Trealamh Cothabhála Geimhridh<br>Trealamh Meicniúil Eile |

## 4. <u>Cáilíochtaí agus Riachtanais an Phoist</u>

### (a) Carachtar

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

### (b) Aois

Is í an aois íosta ag ar ceadmhach fostú printísigh a thosú ná 16 bliana d'aois.

### (c) Sláinte

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil. Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh cheapadh.

**(d) Oideachas, Taithí**
Ar an dáta is deireanaí faoina nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe, ba cheart d'iarrthóirí na híoschaighdeáin seo a leanas a bheith bainte amach acu:

> **1.** Grád D i gcúig ábhar i dTeastas Sóisearach na Roinne Oideachais agus Scileanna nó cáilíocht fhaofa eile a bheadh comhionann leis seo.
> ***NÓ***
>
> **2.** Cúrsa réamhphrintíseachta a bheith curtha i gcrích go rathúil
> ***NÓ***
>
> **3.** Taithí oibre trí bliana, a bheadh bainte amach agus an t-iarrthóir os cionn sé bliana déag d'aois, i ngníomhaíocht tionsclaíochta ainmnithe ábhartha, a gcuirfeadh SOLAS síos di go bhfuil sí inghlactha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb iad seo na h-íosriachtanais oideachasúla reatha faoi choinne cláir phrintíseachta, ach is amhlaidh, áfach, go mbeadh réamhthaithí ar na hábhair seo a leanas ina buntáiste, cé nach mbeadh sí éigeantach: Matamaitic, Líníocht / Grafaic Theicniúil, Miotalóireacht, Teicneolaíocht agus Fisic.

**(e) Scileanna Inmhianaithe**
Mar Oirtheoir Gléasra Tógála, b'éigean duit a bheith gníomhach go fisiciúil agus in ann a bheith ag obair leis na lámha. Bíonn feasacht ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta, mar aon le pointeáilteacht, éigeantach.

Mar Oirtheoir Gléasra Tógála Printíseach, beidh ar an iarrthóir:
- A bheith aclaí corpacmhainneach;
- A bheith in ann cur suas le tógáil, cromadh síos agus síneadh;
- Comhordú maith lámh is súl a bheith aige nó aici;
- A bheith loighciúil agus foighdeach i dtaca le lochtanna a rianú agus a bheith críochnúil i dtaca le taisc a eagrú, go háirithe agus meaisíní á ndíchóimeáil agus á gcur le chéile arís;
- A bheith in ann oibriú in áiteanna arda (bíonn gá leis seo faoi choinne tascanna áirithe)

## 5. <u>Mionsonraí an Phoist</u>

**(a) Ginearálta**
Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarratasóirí cáilithe a chruthú don phost *Oirtheoir Gléasra Tógála Printíseacht ar Théarma Seasta.*

**(b) Promhadh**
Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, a shocróidh an Chomhairle.

**(c) Luach Saothair**
Íocfar an printíseach i gcomhréir le clár printíseachta Solas don Mhótarthionscal, tá na rátaí seachtainiúla atá leagtha amach thíos ag teacht leis na Mótar-Rátaí a chomhairlíonn Cumann Thionscal Mótar na hÉireann – le héifeacht ón 01ú Iúil, 2023.

| Céim/Bliain | Gnáthphá Comhlán |
|---|---|
| Céim 2 | €212.29 sa tseachtain |
| Céim 4 | €318.76sa tseachtain |
| Céim 6 | €478.13 sa tseachtain |
| Bliain 4 | €573.76 sa tseachtain |

I gcás printíseachtaí a forbraíodh roimh 2016, íocann an fostóir an printíseach agus é nó í faoi oiliúint le linn fostaíochta. Íocann an Bord Oideachais agus Oiliúna áitiúil liúntas oiliúna le linn don phrintíseach a bheith ag freastal ar oiliúint lasmuigh den láthair oibre.

Cuimsíonn an phrintíseacht ceithre chéim ar an láthair oibre (Céimeanna 1, 3, 5 & 7) mar a n-íocann an fostóir an printíseach agus trí chéim lasmuigh den láthair oibre (Céimeanna 2, 4 & 6) mar a n-íocann SOLAS. Iarrfar ar phrintísigh freastal ar na céimeanna oiliúna lasmuigh den láthair oibre i gcomhréir le córas sceidealaithe SOLAS.
I ndiaidh dóibh an clár printíseachta a chur i gcrích go rathúil, bíonn na printísigh cáilithe le dul i mbun oibre sa cheird nó sa ghairm aitheanta ábhartha.

**(d) Bunáit**
Beidh an post lonnaithe sa Chlós Innealra, Leifear, Co. Dhún na nGall.

**(e) Conaí**
Ba cheart do shealbhóirí poist a bheith ag cur fúthu sa cheantar ina mbeidh na dualgais le comhlíonadh, nó faoi fhad réasúnta de.

**(f) Uaireanta Oibre / Saoire Bhliantúil**
39 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile. D’fhéadfadh sé gur ghá don iarrthóir rathúil glacadh le socruithe faoina mbeadh sé nó sí ag obair ar bhonn uainchlár glao-dhualgas agus obair as uaireanta a dhéanamh, lena n-áireofaí laethanta saoire poiblí.

Beidh liúntas saoire bhliantúla de réir chiorclán LG(P) 07/2011

**(g) Coinbhleachtaí Leasa**
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis.

## 6. Próiseas Earcaíochta

### A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán rphoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.

### B. Gearrliostú

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

### C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**F. Cúis Dícháilithe an Chanbhasáil**

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost ar chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn
go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais
a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le
Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.

Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirfear ar Phainéal thú agus go dtairgfear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse
agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an
chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie